Cad is achar ann?

Tugtar achar ar an spás atá i gcruth déthoiseach nó i ndromchla cothrom.

Aonaid achair

Úsáideann muid aonaid chearnacha le hachar a thomhas, mar shampla milliméadair chearnacha (mm^2), ceintiméadair chearnacha (cm^2), méadair chearnacha (m^2) nó ciliméadair chearnacha (km^2).

Rewarding Learning

Achar a oibriú amach

Cuntais na cearnóga leis an **achar** a fháil

Sampla
Tá achar **12 chearnóg** sa chruth seo



Má tá leathchearnóga sa chruth:

- Cuntais gach cearnóg iomlán
- Cuntais 2 leathchearnóg mar 1 chearnóg
- Suimigh le chéile iad



Sampla
Achar = 10 + 2 + ½ = 12½ chearnóg

Tá 3 shraith sa dronuilleog seo
Tá 5 chearnóg i ngach sraith
Tá an t-achar cothrom le
3 × 5 = 15 chearnóg



Meastachán a dhéanamh ar achar

Le **meastachán a dhéanamh** ar achar:

- Tarraing líne thart ar an chruth ar pháipéar cearnaithe nó cuir eangach chearnaithe ar a bharr
- Má tá **leathchearnóg** nó **níos mó na leathchearnóg** taobh istigh den chruth, **scáthaigh an chearnóg iomlán**

Mar shampla, thig linn na cearnóga scáthaithe seo a chuntas agus a rá go bhfuil **achar thart faoi 18 gcearnóg sa chroí**



Achar a oibriú amach

Le hachar dronuilleoige nó cearnóige a oibriú amach:

- Faigh fad na sleasa
- Úsáid an riail **achar = fad × leithead**



Mar shampla, **achar = 6 × 3 = 18 cm^2**

Thig linn dronuilleog a roinnt le 2 thriantán dhronuilleacha a dhéanamh.

Le **hachar triantán dronuilleach** a oibriú amach:

- Faigh fad an bhoinn **(bonn)** agus fad na hairde **(airde)**
- Úsáid an riail **achar triantáin =** $\frac{\text{bonn} \times \text{airde}}{2}$

(Mar is leathdhronuilleog é an triantán)



Mar shampla, **achar =** $\frac{6 \times 3}{2} = \frac{18}{2} = 9\,cm^2$

Leibhéal 3

Cearnóga iomlána agus leathchearnóga a chuntas leis an achar a fháil.

Leibhéal 4

Spás atá níos mó ná leathchearnóg a chuntas mar chearnóg iomlán le meastachán a dhéanamh ar achar.

Leibhéal 5

Achar cearnóg, dronuilleog agus triantán dronuilleach a ríomh.

© CCEA 2024